Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2026

GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

SCÉIM MHARCÁLA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2026

GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

CUID I: AN CHLUASTUISCINT (120 marc)

Ceist 1 (14 mharc)

(a) Rugbaí = an chéad phictiúr **/10**

(b) Sasana **/4**

Ceist 2 (14 mharc)

(a) Seó damhsa = an ceathrú pictiúr **/10**

(b) I mí Eanáir **/4**

Ceist 3 (8 marc)

Oifig turasóireachta = an tríú pictiúr **/8**

Ceist 4 (8 marc)

An ceathrú bosca ag an mbarr (tic nó saighead sa bhosca) **/8**

Ceist 5 (16 mharc)

(a) Go hálainn = an chéad phictiúr **/8**

(b) 6 chéim Celsius **/8**

Ceist 6 (20 marc)

(a) Ar a seacht a chlog **/15**

(b) €490 **/5**

Ceist 7 (20 marc)

(a) Dé hAoine **/10**

(b) Trí bhréag **/10**

Ceist 8 (20 marc)

(a) Damhsa an Séú Bliain **/10**

(b) I gcarrchlós na Scoile **/10**

CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

Ceist 1 Meaitseáil **(40 marc)**

Uimhir an phictiúir	Litir
1	H
2	G
3	F
4	B
5	I
6	J
7	E
8	C
9	D
10	A

Ceist 1

1.1 **/4**

1.2 **/4**

1.3 **/4**

1.4 **/4**

1.5 **/4**

1.6 **/4**

1.7 **/4**

1.8 **/4**

1.9 **/4**

1.10 **/4**

An Nós Marcála:

- An marc bronnta (4 nó 0) a chur sa bhosca ar dheis ar an scáileán.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir / intuigthe.

Ceist 2 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

(a) An Litir (25 marc)

1.	I mí Feabhra	2a(1)	**/1**
2.	Is eagarthóir é	2a(2)	**/6**
3.	Ailt a scríobh sé féin	2a(3)	**/6**
4.	A spéis i gcúrsaí polaitíochta	2a(4)	**/6**
5.	Scoláirí eile	2a(5)	**/6**

(b) An Bróisiúr (25 marc)

1.	Ceithre chéad acra	2b(1)	**/6**
2.	Tá sé suite i lár na tíre	2b(2)	**/6**
3.	Tá sé saor ó charranna	2b(3)	**/6**
4.	Ar an bpáirc uisce	2b(4)	**/6**
5.	Ní féidir	2b(5)	**/1**

(c) An Scéal (25 marc)

1.	Mí ó shin	2c(1)	**/6**
2.	Ina sheomra codlata	2c(2)	**/1**
3.	Briseadh croí	2c(3)	**/6**
4.	Comórtas amhránaíochta	2c(4)	**/6**
5.	Meangadh mór gáire	2c(5)	**/6**

Ceist 3 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

(a) An tAlt (30 marc)

1.	Go raibh siad geallta	3a(1)	**/7**
2.	Is realta cheoil í.	3a(2)	**/7**
3.	Ceithre bliana déag d'aois/14	3a(3)	**/7**
4.	Podchraoladh ráthúil	3a(4)	**/2**
5.	Ar an 13 Meitheamh 2026	3a(5)	**/7**

(b) An Giota (30 marc)

1.	San Iaráin	3b(1)	**/6**
2.	Bhí an-trua acu dó / chun aire a thabhairt dó	3b(2)	**/6**
3.	I bpuball	3b(3)	**/6**
4.	Sa bhliain 1947	3b(4)	**/6**
5.	Compórdach	3b(5)	**/6**

(c) Na Véarsaí (30 marc)

1.	Taibhsín bídeach	3c(1)	**/7**
2.	Múinteoirí	3c(2)	**/7**
3.	Doras	3c(3)	**/7**
4.	Eilifint	3c(4)	**/7**
5.	Ríl	3c(5)	**/2**

CUID ll: ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)

Comhairle speisialta

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil "ad rem"*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

Cumas Cumarsáide (Cumarsáid):

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint.

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

Cruinneas Gaeilge (Cruinneas):

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus beachtas gramadaí
(ii) Foclóir - cruinneas agus oiriúnacht foclóra
(iii) Litriú

Ábhar nach bhfuil "ad rem":

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach focheiste.

Ábhar Neamhghnách:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

Ná glac le Béarla.

Nóta: Marcáil na roghanna go léir atá déanta i gCeist 4 agus i gCeist 5 agus roghnófar an dá mharc is airde.

Ceist 4(a) **Fógra (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc
Cruinneas Gaeilge = 11 mharc

- Leagan Amach **/1**
- Pictiúr 1 **/10**
- Pictiúr 2 **/13**
- Pictiúr 3 **/5**
- Pictiúr 4 **/5**
- Cruinneas **/11**

Cumas Cumarsáide: Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

(i) **Leagan Amach (1 mharc)**

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal ***Fógra*** agus an marc sa bhosca) **/1**

(ii) **Treoracha**

- **Pictiúr 1 (5 + 5 = 10 marc)**
  - Cén rud a bheidh ar siúl?
  - Cén áit? (tic leis an **dá** thasc agus an marc sa bhosca) **/ 10**
- **Pictiúr 2 (4 + 3 + 3 + 3 = 13 mharc)**
  - Cén lá?
  - Cén dáta?
  - Cén t-am?
  - Táille? (tic leis na **ceithre** thasc agus an marc sa bhosca) **/ 13**
- **Pictiúr 3 (5 mharc)**
  - Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? (tic leis an **ainm** agus an marc sa bhosca) **/ 5**
- **Pictiúr 4 (5 mharc)**
  - Cá rachaidh an t-airgead? (tic leis an **áit** agus an marc sa bhosca) **/ 5**
- **Cruinneas Gaeilge**
  - Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

		Ceist 4(a) as 11
Sár-mhaith	Cruinnúsáid sármhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	9-11
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	6-8
Maith / Maith go leor	Cruinnúsáid maith/maith go leor de gnéithe ainmnithe den ghramadach	3-5
Lag / An-lag	Cruinnúsáid lag/an-lag de gnéithe ainmnithe den ghramadach	0-2

Iarracht ar fhógra 1 mharc

Más iarracht ar Fhógra atá ann cuir tic leis an bhfocal "*Fógra*" agus bronn marc amháin (sa cholún)

Pictiúr 1 Cén rud a bheidh ar siúl? 5 mharc
Glac leis an bhfreagra seo ar 5 mharc: *dioscó ciúin*
Glac leis an bhfreagra seo ar 3 mharc: *dioscó / damhsa*
Glac leis na freagraí seo ar 1 mharc: ceolchoirm/ceol

Pictiúr 1 Cén áit? 5 mharc
Glac leis na freagraí seo ar 5 mharc: ainm áite ar bith i nGaeilge. Áit/ionad: *i halla an bhaile/ Coláiste Eoin / Halla na Scoile /ainm áite nó ionaid …*
Glac leis na freagraí seo ar 3 mharc: *Halla / Scoil … (as Gaeilge) leo féin*
Ná bronn aon mharc ar ainm áite i mBéarla.

Pictiúr 2 Cén lá? 4 mharc
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: lá ar bith atá ainmnithe nó *inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, an tseachtain seo chugainn ...*

Pictiúr 2 Cén dáta? 3 mharc
Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.
Samplaí: *13 Aibreán, 26 Bealtaine …*
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: i gcás figiúirí mar shampla *8/6, 16/5/2026* … nó má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: *Meitheamh, Meitheamh 2026*
Glac leis an iarracht seo ar 1 mharc: *3ú (gan an mhí), dáta: 3*
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

Pictiúr 2 Cén t-am? 3 mharc
Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs
Samplaí: A haon déag a chlog, 11 p.m., *am 11 p.m., 11 p.m.-2 p.m. …*
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: 11:00, 8.00 (leis féin)
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

Pictiúr 2 Cead isteach? 3 mharc
Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le táille.
Samplaí: Táille: *€10, Deich euro mar tháille, Ticéad €10 …*
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: Táille: 10, €10 (leis féin)
Ná bronn aon mharc ar fhigiúr lom.

Pictiúr 3 Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair? 5 mharc
Beidh ionramháil ag teastáil.

Samplaí: *Calvin Harris ann/i láthair/ag an dioscó/sa halla/mar aoi speisialta …*
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: *Calvin Harris* gan aon cheangal/gan aon ionramháil.
Ná glac le hainm aon duine eile.

Pictiúr 4 **Cá rachaidh an t-airgead? 5 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead á úsáid chun callairí nua a cheannach …,
Samplaí: *Ar son callairí nua, Airgead ag dul do* callairí nua*,*
Airgead: callairí nua*, Airgead* $\rightarrow$ callairí nua
` *"*callairí nua*"* leis féin = 0

N.B. Beidh pionós -1 i gceist gach uair a luaitear an Aimsir Chaite.

Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.

4(b) **Litir (45 marc)**

Cumas Cumarsáide = 34 marc
Cruinneas Gaeilge = 11 mharc

- Leagan Amach **/6**
- Pictiúr 1 **/7**
- Pictiúr 2 **/7**
- Pictiúr 3 **/7**
- Pictiúr 4 **/7**
- Cruinneas **/11**

Cumas Cumarsáide: Tasc → Litir a scríobh chuig do chara bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

(i) Leagan Amach (6 mharc)

(Cuir tic le gach pointe agus an marc sa bhosca)

- Seoladh = 2 mharc
- Dáta (glac le figiúirí) = 1 mharc
- Beannú = 1 mharc
- Críoch / Slán = 2 mharc

Seoladh: Caithfidh dhá chuid (1 mharc + 1 mharc) a bheith ann, as Gaeilge **(2 mharc)**
Glac lena leithéid de "*Bóthar Crumlin" nó "Sráid Patrick"*
Ná glac le hainm an bhaile i mBéarla

Dáta: Glac le figiúirí **(1 mharc)**

Beannú: Ainm ar bith, fiú a *chara* **(1 mharc)**

Críoch: Dhá chuid ag teastáil. *Slán …* agus ainm **(2 mharc)**

(ii) **Treoracha**

Pointí Eolais = 24 marc
(Cuir tic le gach pointe agus an marc sa bhosca)

- Pictiúr 1: **Dhá** phointe eolais **(4 mharc + 3 mharc = 7 marc)** **/ 7**
- Pictiúr 2: **Dhá** phointe eolais **(4 mharc + 3 mharc = 7 marc)** **/ 7**
- Pictiúr 3: **Dhá** phointe eolais **(4 mharc + 3 mharc = 7 marc)** **/ 7**
- Pictiúr 4: **Dhá** phointe eolais **(4 mharc + 3 mharc = 7 marc)** **/ 7**

Cruinneas Gaeilge = 11 marc

- **Cruinneas Gaeilge**
  - Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

		Ceist 4(b) as 11
Sár-mhaith	Cruinnúsáid sármhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	9-11
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	6-8
Maith / Maith go leor	Cruinnúsáid maith/maith go leor de gnéithe ainmnithe den ghramadach	3-5
Lag / An-lag	Cruinnúsáid lag/an-lag de gnéithe ainmnithe den ghramadach	0-2

Pictiúr 1 Ag insint faoin bpóstaer a chonaic tú (**dhá** phointe eolais)

4 mharc + 3 mharc = 7 marc

Samplaí: An áit, an lá, an dáta imeachta, turas fillte, costas. An áit a chonacthas an postaer.

Pictiúr 2 Ag insint faoin taisteal ar an Aoine (**dhá** phointe eolais)

4 mharc + 3 mharc = 7 marc

Samplaí: Ag imeacht ó Aerphort Bhaile Átha Cliath, an eitilt go Londain, Cé a bhí leat.

Pictiúr 3 Ag insint faoi na rudaí a rinne tú ar an Satharn (**dhá** phointe eolais)

4 mharc + 3 mharc =7 marc

Samplaí: Ag dul chuig an Zú, Cuairt ar LegoLand, áit nó imeacht oiriúnach.

Pictiúr 4 Ag insint faoi na rudaí a rinne tú ar an lá deireanach (**dhá** phointe eolais)

4 mharc + 3 mharc = 7 mharc

Samplaí: Ag siopadóireacht, Big Ben, An Tamais, Ag ithe béile, ag filleadh ar an eitleán

Ceist 5(a) Cuntas (45 marc)

- Cumarsáid **/34**
- Cruinneas **/11**
- Fad **/-4**

Cumas Cumarsáide Tasc $\rightarrow$ Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar: "**Féile cheoil**" mar atá léirithe sa phictiúr. **/34 marc**

- Ní mór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas – (T1, T2, T3, T4 agus T5) – d'imeachtaí nó do thosca na hócáide chun marc as 34 a ghnóthú. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Gearr pionós -4, den 34 marc atá ar fáil don Chumarsáid, i leith gach tagairt atá in easnamh. Déan an Chumarsáid a mharcáil as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (30, 26, 22, 18 nó 14). Ná glac le cóipeáil lom.
- Glac le foirm ar bith nó le pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás go mbeadh **cúig** thagairt sa chuntas (marc as 34) ach gan an t-alt a bheith fada go leor, bain céatadán cuí den mharc bronnta.

Líon Focal	Pionós
80-90	0
60-79	- 2
30-59	- 3
<30	- 4

N.B. Ná gearr pionós ar fhad níos mó ná uair amháin .i. ná cuir pionós i bhfeidhm ach amháin sa chás go bhfuil tú ag marcáil as **34** agus fad i gceist. Muna bhfuil ach T1-T4 luaite agus tú ag bronnadh marc as 30, 26, 22, 18, 14 **Fad = -0**

- Na marcanna bronnta agus bainte a chur sa bhosca
  Glac le tagairtí do na rudaí seo a leanas:
  Insint faoin gcóisir lae breithe - an áit a raibh sé ar siúl; an lá; an dáta; an t-am, cé a bhí leat; bia; an aimsir; daoine eile a bhí ann, déagóirí, daoine fásta; na rudaí a thaitin/nár thaitin leat; na bronntanais / fón nua; an ceol / bannaí ceoil; daoine ag rince/ag damhsa/ag éisteacht leis an gceol; ag comhrá, ag canadh… bia/deochanna/ ag ithe agus ag ól; an cáca, burgair, sceallóga; ag caint agus ag gáire; mar a thaitin an chóisir leat; mar a mhothaigh tú nuair a bhí an chóisir thart; ag fágail slán ag cairde; tuirseach traochta ag dul abhaile …

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T_1, T_2, T_3, T_4, T_5

Cruinneas Gaeilge

- Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/ 11**

		Ceist5(a) as 11
Sár-mhaith	Cruinnúsáid sármhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	9-11
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	6-8
Maith / Maith go leor	Cruinnúsáid maith/maith go leor de gnéithe ainmnithe den ghramadach	3-5
Lag / An-lag	Cruinnúsáid lag/an-lag de gnéithe ainmnithe den ghramadach	0-2

5(b) Eachtra (45 marc)

- Cumarsáid **/34**
- Cruinneas **/11**
- Fad **/-4**

Cumas Cumarsáide Tasc → Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) in Iris na Scoile. **/34 marc**

- Ní mór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas – ceann do gach pictiúr (T1, T2, T3, T4) agus aon tagairt amháin eile (T5) – d'imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Gearr pionós -4, den 34 marc atá ar fáil don Chumarsáid, i leith gach tagairt atá in easnamh. Déan an Chumarsáid a mharcáil as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (30, 26, 22, 18 nó 14). Ná glac le cóipeáil lom.
- Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra.
- Glac le foirm ar bith nó le pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás go mbeadh **cúig** thagairt sa chuntas (marc as 34) ach gan an t-alt a bheith fada go leor, bain céatadán cuí den mharc bronnta.

Líon Focal	Pionós
80-90	0
60-79	- 2
30-59	- 3
<30	- 4

N.B. Ná gearr pionós ar fhad níos mó ná uair amháin .i. ná cuir pionós i bhfeidhm ach amháin sa chás go bhfuil tú ag marcáil as **34** agus fad i gceist. Muna bhfuil ach T1-T4 luaite agus tú ag bronnadh marc as 30, 26, 22, 18, 14 **Fad = -0**

.

- Na marcanna bronnta agus bainte a chur sa bhosca

Cruinneas Gaeilge

- Bronn marc as 11 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán. **/11**

		Ceist5(b) as 11
Sár-mhaith	Cruinnúsáid sármhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	9-11
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	6-8
Maith / Maith go leor	Cruinnúsáid maith/maith go leor de gnéithe ainmnithe den ghramadach	3-5
Lag / An-lag	Cruinnúsáid lag/an-lag de gnéithe ainmnithe den ghramadach	0-2

Glac leis na tagairtí seo a leanas:

Pictiúr 1
Na déagóirí, ina suí ar bhinse / sa pháirc, ag caint/comhrá lena chéile, ag léamh, conas a mhothaigh siad, an t-am, an aimsir, rudaí timpeall orthu, daoine eile, duine/fear ag súgradh lena mhadra …

Pictiúr 2
An madra caillte / imithe; gan tásc ná tuairisc; i bpreabadh na súl; an fear i gcruachás / trína chéile; ag glaoch ar a mhadra …, ag lorg cabhrach… chuala siad …, ghlaoigh siad …, rith siad …, lorg/chuardaigh siad …, dúirt siad …, ná bí buartha …, ag teacht …

Pictiúr 3
Chuala na déagóirí …, ghlaoigh siad …, rith siad …, lorg/chuardaigh siad …, dúirt siad …, ná bí buartha …, fuair siad an madra …, áthas …

Pictiúr 4
An madra slán/sábháilte …, ar ais lena úinéir …, buíoch de na déagóirí, ceacht foghlamtha …, an t-ádh air …, déagóirí cabhrach …, luach saothair …, áthas an domhain …

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T_1, T_2, T_3, T_4, T_5

Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Ceist 4(a) Fógra
Ceist 4(b) Foirm Iarratais
Ceist 5 (a) Cuntas
Ceist 5 (b) Eachtra

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

Cruinneas Gaeilge = 11 mharc

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile, Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra, Cruinnúsáid na réamhfhocal …

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 11 á bhronnadh ar an iarracht: litriú, úsáid an úraithe, úsáid an tséimhithe, aontú ainmfhocal is aidiachtaí …

		Marc as 11
Sár-mhaith	Cruinnúsáid sármhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	9-11
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith de gnéithe ainmnithe den ghramadach	6-8
Maith / Maith go leor	Cruinnúsáid maith/maith go leor de gnéithe ainmnithe den ghramadach	3-5
Lag / An-lag	Cruinnúsáid lag/an-lag de gnéithe ainmnithe den ghramadach	0-2

An Triail Chluastuisceana

Ceist a hAon

Is mise Síle Ní Luasa. Tá cónaí orm i gCeann Trá i gContae Chiarraí. Tá an-suim agam i gcúrsaí spóirt. Is maith liom sacar, iománaíocht agus snámh ach is é rugbaí an spórt is fearr liom. Imrím leis an gclub rugbaí áitiúil anseo sa Daingean. Taitníonn rugbaí liom mar go gcoimeádann sé aclaí mé agus is bealach iontach é le bualadh le cairde nua. Imrím ar an gcliathán cosúil le mo laoch Béibhinn Parsons. I mí Lúnasa seo caite chuas go Sasana chun Béibhinn a fheiceáil ag imirt le foireann náisiúnta na mban in aghaidh na Seapáine i gCorn an Domhain sa rugbaí. Bhí sí thar barr agus scóráil sí úd sa chéad leath. Tar éis an chluiche bhuaileas léi agus ghlacamar grianghraf le chéile! A leithéid de lá!

Ceist a Dó

Bhí tríocha bliain ann anuraidh ó cuireadh tús leis an seó cáiliúil Riverdance. Le comóradh a dhéanamh ar an tríocha bliain sin a bhaint amach, eagraíodh seó nua atá ar chamchuairt dhomhanda faoi láthair. Damhsa Gaelach atá sa seó go príomha ach de réir dealraimh tá níos mó i gceist leis ná sin. Feictear samplaí de dhamhsaí ó thíortha eile ar nós an Flamenco agus cniogdhamhsa ann. Cuireadh tús leis an seó nua in Éirinn i mí an Mheithimh anuraidh. Thug na damhsóirí aghaidh ar an tSín i mí na Nollag. Thaistil siad go Meiriceá i mí Eanáir na bliana seo agus críochnóidh an seó ansin ag deireadh na míosa seo.

Ceist a Trí

Bean: Gabh mo leithscéal, le do thoil. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an oifig turasóireachta áitiúil? Is turasóir mé agus tá mé ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil faoin bhaile.
Fear: Ó, fáilte go Baile Dhún na nGall! Bhuel, mar a tharlaíonn sé, níl tú rófhada ón oifig turasóireachta ar chor ar bith. Téigh díreach síos an bóthar seo chomh fada leis an ché agus feicfidh tú carrchlós an bhaile ansin. Téigh isteach sa charrchlós agus beidh an oifig turasóireachta os do chomhair amach.
Bean: Go raibh míle maith agat. Slán go fóill!
Fear: Tá fáilte romhat. Slán anois.

Ceist a Ceathair

Bean: Dia duit. Tá cuma chaillte ort! An féidir liom cabhrú leat?
Fear: Ó, bheadh sé sin go hiontach. Ba mhaith liom dul go dtí an leabharlann ach níl eolas agam ar an áit seo**.**
Bean: Ceart go leor. Téigh díreach ar aghaidh a fhad leis na soilse tráchta agus feicfidh tú caifé ar thaobh na láimhe deise. Cas ar dheis ansin agus tóg an dara casadh ar chlé. Beidh an leabharlann ar thaobh na láimhe deise ag bun na sráide sin.
Fear: Á, go hiontach. Ar aghaidh liom go dtí na soilse tráchta, casfaidh mé ar dheis ag an gcaifé, rachaidh mé go dtí an dara casadh ar chlé agus beidh an leabharlann ag bun na sráide ar thaobh na láimhe deise.
Bean: Sin é go díreach! Slán anois.
Fear: Go raibh míle maith agat. Slán agat.

Ceist a Cúig

Dia daoibh, a chairde. Seo chugaibh réamhaisnéis na haimsire don lá inniu. Mar a fheiceann sibh féin, tá an aimsir go hálainn maidin inniu agus an ghrian ag scoilteadh na gcloch. Tá an teocht ag naoi gcéim déag Celsius faoi láthair. Éireoidh sé scamallach tráthnóna faraor agus beidh sé ag cur báistí go trom thart ar a trí a chlog. Mholfainn daoibh scáth fearthainne nó cóta mór a thabhairt libh má bhíonn sibh ag dul amach ag siúl mar beidh sé iontach fliuch. Éireoidh sé fuar anocht agus titfidh an teocht go sé chéim Celsius.

Ceist a Sé

Róisín: Haigh, a Pheadair, conas atá cúrsaí leat**?**
Peadar: Ó, nílim go maith, a Róisín. Ar éirigh leatsa iad a fháil?
Róisín: Céard atá i gceist agat?
Peadar: Ó, stad, a phleidhce! Nach bhfuil a fhios agat go maith?! Na ticéid Oasis! Ar éirigh leat iad a fháil? Shocraíos féin an t-aláram ar m'fhón póca le bualadh ar a hocht a chlog ar maidin ach níor chualas é agus níor dhúisíos go dtí a naoi a chlog! Bhí mé ródhéanach!
Róisín: Mí-ádh, a Pheadair! Bhuel, bhí mise eagraithe! Dhúisíos féin ar a seacht a chlog agus d'éirigh liom dhá thicéad a fháil!
Peadar: Á, tá sé sin go hiontach! Maith thú, a Róisín! Glacaim leis go bhfuil tú sásta ticéad a thabhairt domsa mar a bhí socraithe againn?
Róisín: Táim cinnte. Ach … tá fadhb bheag amháin.
Peadar: Fadhb? … Cén fhadhb?
Róisín: Bhuel, bhí na ticéid shaora ar fad imithe.
Peadar: Agus …?
Róisín: Agus ní raibh fágtha ach na ticéid chostasacha.
Peadar: Ticéid chostasacha? Céard go díreach atá i gceist agat? Cé mhéad a chosain siad?
Róisín: Ceithre chéad nócha euro.
Peadar: Ceithre chéad nócha euro?! Ó, a thiarcais! Sin dhá chéad daichead a cúig euro an duine!!
Róisín: Ní hea, a Pheadair! Ceithre chéad nócha euro ar thicéad amháin.
Peadar: Tá sé sin dochreidte. Beidh orm airgead a fháil ar iasacht ó mo mham.
Róisín: Ádh mór ort leis sin!

Ceist a Seacht

Seán: Gabh mo leithscéal, a Phríomhoide, an raibh tú ag iarraidh labhairt liom?
Príomhoide: A Sheáin. Tar isteach, le do thoil.
Seán: Ceart go leor.
Príomhoide: Feicim go raibh tú as láthair trí thráthnóna an tseachtain seo caite. Cad a tharla?
Seán: Bhuel, Dé Luain bhí coinne agam leis an dochtúir. Dé Céadaoin, bhí tinneas cinn orm agus ansin bhí mé ag an gcluiche a bhí ag an scoil Dé hAoine.
Príomhoide: Cluiche a bhí ag an scoil Dé hAoine, a deir tú? Tá sé sin aisteach. Bhí mise ag an gcluiche sin agus ní fhaca mé ann thú ... ar an bpáirc ná ar an taobhlíne!
Seán: Ó, mo leithscéal … botún a bhí ansin … bhí tinneas cinn orm Dé hAoine
F reisin!
Príomhoide: Tinneas cinn eile? Fan ansin anois agus glaofaidh mé ar do thuismitheoirí. Beidh orainn coinne eile dochtúra a shocrú is cosúil.
Seán: Coinne eile dochtúra? Ó … bhuel …
Príomhoide: Sea? An bhfuil rud éigint le rá agat, a Sheáin?
Seán: Tá brón orm. D'inis mé bréag ansin freisin**.**
Príomhoide: Sin dhá bhréag anois, a Sheáin. Agus an tinneas cinn Dé Céadaoin? Bréag eile?
Seán: Sea ... tá brón orm.
Príomhoide: Trí bhréag san iomlán, a Sheáin. Mar phionós beidh tú ar fionraí anois ar feadh trí lá … lá amháin do chuile bhréag! Imigh leat!
Seán: Tá brón orm, a Phríomhoide.
Príomhoide: Bhuel, beidh brón ort, a Sheáin, nuair a chloisfidh do thuismitheoirí faoi seo. Déarfainn go mbeidh tinneas cinn eile ort tar éis na híde béil a gheobhaidh tú!

Ceist a hOcht

Órla: Caidé mar atá tú, a Phóil?
Pól: Ó, Dia duit, a Órla. Deas tú a fheiceáil. An bhfuil nuacht ar bith agat?
Órla: Á, níl agam ach drochnuacht.
Pól: Ó! Caidé a tharla?
Órla: Á, bhris Seán a chos aréir nuair a bhí sé ag imirt peile.
Pól: Ó, tá brón orm é sin a chluinstin, a Órla. Seán bocht!
Órla: Tá a fhios agam. Agus leis an scéal a dhéanamh níos measa, beidh damhsa an Séú Bliain ar siúl Dé Sathairn agus anois níl duine ar bith agam le tabhairt liom.
Pól: Á, is mór an trua é sin. Is oíche mhór í an oíche sin. Nach rachfá leat féin?
Órla: Ní thiocfadh liom é sin a dhéanamh. Ach b'fhéidir …
Pól: B'fhéidir?
Órla: Bhuel ... an mbeidh tú féin ag déanamh rud ar bith Dé Sathairn?
Pól: Ó! Ní bheidh mar a tharlaíonn sé!
Órla: An mbeadh suim agat teacht liom?
Pól: Bheadh cinnte! Cén t-am a bheidh sé ar siúl?
Órla: Bhuel, beidh muid uilig ag teacht le chéile ar a cúig a chlog i gcarrchlós na scoile le pictiúir a ghlacadh, fágfaidh an bus an carrchlós ar a sé a chlog agus beidh an béile ag tosú san óstán ar a hocht a chlog. Caidé a shíleann tú?
Pól: Sílim gur plean iontach maith é, ach an mbeidh Seán ceart go leor leis sin?
Órla: Beidh cinnte. Beidh áthas air gur féidir le duine againn dul ann.
Pól: Ar dóigh. Tá mé ag súil go mór leis cheana féin. Abair heileo le Seán.
Órla: Déarfaidh cinnte.

Anótáil

	Cur síos	**Sainchiall**
✔	Tic	Pointe eolais
	Líne ceartingearach	Leathanach feicthe
〰	Líne chothrománach	Eolas míchruinn/botúin
T1	Tagairt a haon	Tagairt a léiriú
T2	Tagairt a dó	Tagairt a léiriú
T3	Tagairt a trí	Tagairt a léiriú
T4	Tagairt a ceathair	Tagairt a léiriú
T5	Tagairt a cúig	Tagairt a léiriú
SMM	Scéim mhodhnaithe marcála	Tarscaoileadh ceadaithe

LEATHANACH BÁN